lmetb
Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí
Louth and Meath Education and Training Board

# Beartas Soláthair BOOLM

Arna ghlacadh ar an 19 Meitheamh 2024. Le tabhairt faoi deara ag Bord BOOLM ar ll/mm/2024

**Arna fhorbairt ag Grúpa Oibre um Beartas Soláthair Líonra Soláthair an BOO an leagan deiridh arna cheadú ag Fóram na bPríomhfheidhmeannach ar 13/10/2023**

# *BEARTAS SOLÁTHAIR BOOLM*

| | |
|---|---|
| **Uimh. Thag an Doiciméid:** | *Soláthar 2024.02* |
| **Arna ullmhú ag** | *Grúpa Oibre um Beartas Soláthair Líonra Soláthair an BOO* |
| **Arna ghlacadh ag** | *BOOLM* |
| **Freagracht as Cur i bhFeidhm** | *BOOLM* |
| **Freagracht as Athbhreithniú** | *Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)* |
| **Tréimhse Athbhreithnithe** | Beidh an beartas seo faoi réir athbhreithniú de réir riachtanais eagraíochtúla agus/nó nuair is gá é sin a dhéanamh |
| **Suíomh Foinse** | Líonra Soláthair an BOO |
| **Suíomh Foilsithe** | *Suíomh gréasáin/Sharepoint* |
| **Doiciméid Eile dá dTagraítear dóibh** | |



| **Rialú Leagain** | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimhir Leagain** | **Dáta Athbhreithnithe** | **Dáta Glactha** | **Eolas uasdátaithe** |
| *2024.01* | *06/12/2023* | *29/02/2024* | *Chun tairseach nua Threoir AE a léiriú le héifeacht ón 1 Eanáir 2024* |
| *2024.02* | *19/06/2024* | | *Ionchorpraítear leis uasdátaithe maidir le coimhlintí leasa, rúndacht, eitic agus páirtithe bainteacha.* |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

# CLÁR ÁBHAIR

*Beartas Soláthair BOOLM* ........ 1
1 Cuspóir ........ 3
2 Giorrúcháin ........ 3
3 Cuspóirí Soláthair ........ 3
4 Prionsabail Soláthair Phoiblí ........ 4
5 Prionsabail Ghinearálta ........ 4
6 Freagracht ........ 5
6.1 Bord BOO ........ 5
6.2 Bainistíocht Feidhmiúcháin ........ 5
6.3 Ról an Bhainisteora le Freagracht as Soláthar ........ 5
7 Reachtaíocht ........ 5
8 Tairseacha & Leibhéil Formheasa ........ 6
8.1 Tairseacha Tairisceana ........ 6
9 Plean soláthair chorparáidigh ........ 7
10 Coinbhleacht Leasa, Rúndacht agus Eitic ........ 7
11 Bainistíocht Conarthaí ........ 9
12 Léasú ........ 9
13 Coimeád Taifead ........ 9
14 Páirtithe Nasctha ........ 9
15 Iarmhairtí le Neamhchomhlíonadh Beartais agus Nósanna Imeachta Ceannaigh ........ 10
16 Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ........ 10

# Beartas Soláthair BOO

## 1 CUSPÓIR

Is é cuspóir an doiciméid seo ná an beartas a leagan amach maidir le soláthar earraí (dá ngairtear soláthairtí freisin), seirbhísí agus oibreacha ag BOOanna agus a chinntiú go ndéantar soláthar ar fud BOOanna de réir Rialacháin & Treoracha Soláthair Phoiblí, Reachtaíochta, Beartais agus Treoirlínte Náisiúnta & de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go ndéantar an fheidhm soláthair phoiblí a chomhlíonadh go heiticiúil, go hionraic agus go cothrom ar bhealach a chinntíonn an luach is fearr ar airgead. Ba cheart an beartas seo a léamh i gcomhar le beartais airgeadais ábhartha an BOO.

## 2 GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| **IOAE:** Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh | **ARC&C:** An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| **RO:** an Roinn Oideachais | **CBOC:** Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil |
| **OSR**: Oifig um Sholáthar Rialtais | **SSO:** Seirbhísí Soláthair Oideachais |
| **BOO:** Bord Oideachais agus Oiliúna | **RBATNE:** an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| | |



## 3 CUSPÓIRÍ SOLÁTHAIR

Ciallaíonn soláthar, oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí á bhfáil ag BOOanna, cibé acu faoi chonradh foirmiúil nó nach ea oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí ag BOOanna. Folaíonn soláthar ceannach gnáth sholáthairtí nó gnáthsheirbhísí agus tairiscint fhoirmiúil agus gach rud eatarthu.

Tabharfar faoin soláthar i gcónaí leis na príomhchuspóirí seo a leanas:

- Uasluach ar airgead (LAA) a chinntiú. Ní gá gurb é LAA an rogha is saoire ach an rogha is tairbhí ó thaobh eacnamaíochta de. Tá córais éifeachtacha phleanála, mhonatóireachta, mheasúnaithe agus mheastóireachta ríthábhachtach chun an cuspóir seo a bhaint amach.
- An reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha ar fad a chomhlíonadh.
- Ag teacht le straitéis BOOanna
- Bainistíocht Riosca
- Ag ailíniú le cuspóirí inbhuanaitheachta agus glasa

Chun na cuspóirí seo a bhaint amach, éilíonn BOOanna an méid seo a leanas freisin:

- Cuirtear próisis iomaíocha agus tairisceana i bhfeidhm
- Roghnaítear agus údaraítear soláthraithe go cuí lena n-úsáid
- Déantar monatóireacht ar sholáthraithe maidir le feidhmíocht airgeadais-agus neamhairgeadais

- Ní cheannaítear earraí oibreacha agus seirbhísí ach amháin le húdarú cuí
- Úsáidtear costáil saolré, a chuireann an costas iomlán sa áireamh, i.e., an costas chun é a fháil agus an costas úinéireachta saolré earra le chéile, seachas an costas ceannaigh tosaigh
- Déantar earraí agus seirbhísí a fhaightear a thaifeadadh i gceart
- Ní dhéantar íocaíochtaí ach amháin as earraí agus seirbhísí a fhaightear agus a úsáidtear

# 4 PRIONSABAIL SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Tá feidhm ag Conradh na Róimhe ar fheidhmiú an AE maidir le gach gníomhaíocht soláthair beag beann ar luach. Le soláthar Earraí/Soláthairtí, Seirbhísí nó Oibreacha san earnáil phoiblí, caithfear cloí le bunphrionsabail soláthair an Chonartha:

- **Trédhearcacht:** Tá gach gníomhaíocht soláthair oscailte agus trédhearcach agus cuirtear an fhaisnéis riachtanach ar fáil do chách. Ba cheart rúin agus cinntí soláthair a fhógairt go poiblí.
- **Cóir chomhionann agus Neamh-Idirdhealú:** Tá feidhm ag na rialacha céanna le gach duine agus tá cearta rochtana comhionanna ag gach duine. Ba cheart go mbunófar cinntí ar oibiachtúlacht agus ar chothroime.
- **Comhréireacht:** Caithfidh gach beart a úsáidtear a bheith riachtanach agus oiriúnach maidir leis an gcuspóir *i.e.* dámhachtain conartha. Níl aon choinníollacha, critéir ná rialacha iomarcacha nó díréireacha le cur i bhfeidhm.
- **Aitheantas Frithpháirteach**: Beidh bailíocht chomhionann ag cáilíochtaí / ag caighdeáin atá infheidhme i mBallstáit eile.



# 5 PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

Aithnítear sa Bheartas Soláthair gurb é ceannach díláraithe an modh is oiriúnaí chun na cuspóirí ceannaigh laistigh den BOO a bhaint amach. Ní mór do Shealbhóirí Buiséid comhaontuithe oiriúnacha conartha arna n-idirbheartú go lárnach a úsáid nuair is ann dóibh chun cumhacht ceannaigh a uasmhéadú don BOO iomlán agus chun an luach is fearr ar airgead a bhaint amach. I sainréimsí, sainaithneoidh an saineolaí ábhair na riachtanais agus an tsonraíocht theicniúil agus socróidh sé meastacháin agus / nó tairiscintí iomaíocha de réir mar is cuí i gcomhaontú leis an Roinn Soláthair. Sa chás go bhfuil socraithe láraithe ceannaigh i bhfoirm Creat-Chomhaontuithe oiriúnacha ar fáil ón Oifig um Sholáthar Rialtais nó ón tSeirbhís um Sholáthar Oideachais, déantar na Creat-Chomhaontuithe seo aúsáid le haghaidh soláthair. Más féidir luach ar airgead níos fearr a fháil ó sholáthraí eile arna thagarmharcáil i gcoinne creata atá ann cheana féin, ní mór do shealbhóirí buiséid dul i gcomhairle le ranna soláthair BOO agus cloí le rialacha soláthair. Ní mór taifid iomlána a choinneáil mar aon le comparáid í praghais agus cáilíochta le hais soláthraí creat-chomhaontaithe reatha an OSR chun an cinneadh seo a chosaint. Ba cheart costas iomlán an tsoláthair a mheas i gcónaí, agus ba cheart an tagarmharcáil a dhéanamh ar bhonn comhchosúil. Tá an BOO tiomanta chun do shármhaitheas a bhaint amach agus aithníonn sé an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtas soláthair chun Luach ar Airgead, comhlíonadh & bainistíocht riosca a fháil agus chun and a chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr as cistí an BOO.

### 5.1 TREOIR AE – AIRTEAGAL 5.2

**TREOIR 2014/24/AE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE**

Luaitear in Airteagal 5.2 "*i gcás ina bhfuil aonad oibríochta ar leith freagrach go neamhspleách as a sholáthar, nó as catagóirí áirithe de, go bhféadfar meastacháin a dhéanamh ar luachanna ag leibhéal an aonaid atá i gceist*"

Déan athbhreithniú le do thoil i gcomhar le treoirdhoiciméad Airteagal 5.2.

# 6 FREAGRACHT

Caithfidh idirbhearta agus cinntí soláthair a bheith cóir agus cothrom agus caithfidh siad luach ar airgead a chinntiú (LAA). Caithfidh Údaráis Chonarthacha a bheith in ann údar a thabhairt do chinntí agus do ghníomhaíochtaí a dhéantar. Féadfaidh gach cinneadh a bheith faoi réir grinnscrúdú dlíthiúil. Tá cleachtais soláthair faoi réir iniúchadh agus grinnscrúdú faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 agus tá Oifigigh Chuntasaíochta cuntasach go poiblí as caiteachas a thabhaítear. Tá Údaráis Chonarthacha freagrach as socrú a bhunú chun a chinntiú go ndéantar a ngnóthaí a sheoladh go cuí lena n-áirítear cloí le caighdeáin dea-rialachais agus chuntasachta maidir le soláthar.

## 6.1 BORD BOO[1]

Ba cheart do bhainistíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus don Bhord ar deireadh a chinntiú go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh an bheartais agus na dtreoirlínte soláthair a chinntiú.
Luaitear in Alt 8.13 den Chód Cleachtais maidir le Rialachas BOOanna: "Ba cheart don Bhord a dheimhniú dó féin go bhfuil beartais agus nósanna imeachta soláthair forbartha agus go bhfuil siad curtha in iúl don fhoireann ar fad".



## 6.2 BAINISTÍOCHT FEIDHMIÚCHÁIN

Is é an Príomhfheidhmeannach Oifigeach Cuntasaíochta an BOO. Ag tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach, tá an Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta freagrach as Rialachas agus Bainistiú riarachán an BOO agus maoirsíonn sé bainistíocht acmhainní an BOO ar fud fheidhmeanna na nAcmhainní Daonna, na Seirbhísí Corparáideacha, an Airgeadais, an tSoláthair, na Talún & na bhFoirgneamh agus TFC.

## 6.3 RÓL AN BHAINISTEORA LE FREAGRACHT AS SOLÁTHAR

Tuairiscíonn an Bainisteoir atá freagrach as riar an tSoláthair don Stiúrthóir TFE[2]. Tá an Bainisteoir freagrach as Beartas Soláthair agus as maoirseacht a dhéanamh ar a fheidhmiú.

# 7 REACHTAÍOCHT

Tá ceannach laistigh den BOO faoi réir ceanglais reachtacha Rialacháin agus Threoracha an AE arna chorprú i ndlí na hÉireann agus atá infhorfheidhmithe de réir dhlí na hÉireann.

[1] Ó Chód Cleachtais maidir le Rialachas BOOanna
[2] Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta

1. Reachtaíocht (Treoracha, Rialacháin)
2. Beartas an Rialtais (Ciorcláin etc.)
3. Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil d'Oibreacha Poiblí agus Seirbhísí a bhaineann le Foirgníocht
4. Treoirlínte Ginearálta Soláthair le haghaidh Earraí agus Seirbhísí

Tá an BOO rangaithe mar "Chomhlacht atá á Rialú ag an Dlí Poiblí – Fo-Lárnach" faoi Earnáil Phoiblí an AE mar gheall ar an mbealach a bhfaigheann sé maoiniú.

Éilíonn Treoracha AE go mbeadh gach riachtanas ceannaigh (tairiscintí) os cionn "Luachanna Tairsí" oscailte d'Iomaíocht Eorpach. Ní mór tairiscintí a bhfuil luach os cionn an Luacha Tairsí infheidhme a fhoilsiú san fhorlíonadh a ghabhann le hIris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (IOAE), agus ní mór próiseas socraithe le scálaí ama forordaithe a leanúint le haghaidh tairisceana srl. I gcás tairiscintí faoi bhun an Luacha Tairsí, éilítear sna riachtanais próiseas iomaíoch chun Rialacha Soláthair Rialtas na hÉireann a chomhlíonadh.

# 8 Tairseacha & Leibhéil Formheasa

## 8.1 Tairseacha Tairisceana

Is é próiseas iomaíoch an modh is fearr chun luach a fháil ar airgead poiblí agus is iad na tairseacha thíos na híoschaighdeáin a theastaíonn. Seo a leanas na tairseacha reatha le haghaidh meastachán agus tairiscintí:



| Earraí agus Seirbhísí | | |
|---|---|---|
| **Tairseach** | **Riachtanais** | **Leibhéal an Údaráis Soláthair** |
| **€0 - ≤ €5,000** | Meastachán amháin ó bhéal (doiciméadaithe) nó scríofa | Sealbhóir Buiséid |
| **> €5,000 - ≤ €50,000** | Ní mór 3 mheastachán scríofa ar a laghad a lorg. Féadfar r-Thairiscintí a úsáid. Ní mór don Sealbhóir Buiséid dul i gcomhairle leis an rannóg soláthair maidir le caiteachas réamh-mheasta > €15,000 agus ≤ €50,000 | Sealbhóir Buiséid le haghaidh caiteachas réamh-mheasta > €5,000 agus ≤ €15,000<br>Stiúrthóir TFE nó an Príomhfheidhmeannach le haghaidh caiteachas réamh-mheasta > €15,000 agus ≤ €50,000 |
| **> €50,000 - ≤ €221,000** | Tairiscint - Náisiúnta | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| **> €221,000** | Tairiscint - IOAE | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| **Oibreacha** | | |
| **Tairseach** | **Riachtanais** | **Leibhéal an Údaráis Soláthair** |
| **€0 - ≤ €200,000** | Ní mór 5 mheastachán scríofa ar a laghad a lorg. Féadfar r-Thairiscintí a úsáid. | Príomhoifigeach cúnta Talún & Foirgneamh nó Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| **> €200,000 - ≤ €5,538,000** | Tairiscint - Náisiúnta | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| **> €5,538,000** | Tairiscint - IOAE | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |

| Seirbhísí a Bhaineann le hOibreacha | | |
|---|---|---|
| **Tairseach** | Riachtanais | Leibhéal an Údaráis Soláthair |
| **€0 - ≤ €50,000** | Cuireadh Díreach - ní mór 5 mheastachán scríofa ar a laghad a lorg<br>Féadfar r-Thairiscintí a úsáid. | Sealbhóir Buiséid i gcomhairle le Príomhoifigeach cúnta na Roinne Talún agus Foirgneamh |
| **> €50,00 - ≤ €221,000** | Tairiscint - Náisiúnta | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| **> €221,000** | Tairiscint - IOAE | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |
| | | |
| **Seirbhísí Theidil III** | | |
| **Tairseach** | Riachtanais | Leibhéal an Údaráis Soláthair |
| **> €750,000** | IOAE | Stiúrthóir TFE nó Príomhfheidhmeannach |

Oibreacha:
Is struchtúr é an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitil (CBOC) a forbraíodh chun cuspóirí an Rialtais a bhaint amach maidir le leasú soláthair tógála san earnáil phoiblí. Cuimsíonn sé sraith de threoirlínte dea-chleachtais, conarthaí caighdeánacha agus doiciméid teimpléid arb iadsan na ceithre philéar a thacaíonn leis an gCreat.
Mar sin féin, toisc gurb é an RO an príomh-chomhlacht maoinithe le haghaidh oibreacha tógála ar scoileanna BOO, tá na doiciméid CBOC glactha ag an RO agus chuir siad na doiciméid sin in oiriúint do thionscadail tógála scoile (Oibreacha). Ba cheart cloí leis an dá dhoiciméad treorach seo a leanas maidir le Conraitheoirí a Sholáthar chun mionoibreacha a dhéanamh i scoileanna a fhaigheann maoiniú ón RO:



1. TGD007 Nósanna Imeachta na Foirne Deartha le haghaidh Mionoibreacha
2. Nósanna Imeachta na Foirne Deartha – 2012 an 4ú leagan - Conraitheoirí a Sholáthar

## 9 PLEAN SOLÁTHAIR CHORPARÁIDIGH

Mar atá leagtha amach i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais maidir le Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, tá dualgas ar gach Bord Oideachais agus Oiliúna “a dheimhniú go bhfuil Plean Soláthair Chorparáidigh forbartha agus á chur i bhfeidhm”. Chuige sin chomhaontaigh Earnáil an BOO glacadh le teimpléad an Phlean Soláthair Chorparáidigh, lena n-áirítear PSI (Plean Soláthair Ilbhliantúil) agus é a chur faoi bhráid BOOÉ gach bliain le haghaidh comhthiomsú earnála agus ar chur aghaidh ansin le cur faoi bhráid an OSR/ SSO.

## 10 COINBHLEACHT LEASA, RÚNDACHT AGUS EITIC

Tagraíonn Coinbhleacht Leasa (lena n-áirítear aon ‘Leas Inchláraithe’ mar a shainmhínítear san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995) do chásanna ina bhféadfadh leas pearsanta breithiúnas agus ionracas gairmiúil a chur i mbaol, nó an chuma a bheith air nó an fhéidearthacht bheith ann go gcuirfeadh sé iad i mbaol, agus é sin á dhéanamh leas BOOXX a chur i mbaol.

Ceanglaítear ar údaráis chonarthacha "bearta iomchuí" a ghlacadh chun coinbhleachtaí leasa a chosc, a aithint agus a leigheas maidir le seoladh nós imeachta soláthair chun aon saobhadh iomaíochta a sheachaint agus chun cóir chomhionann idir tairgeoirí a chinntiú. Áirítear le coinbhleacht leasa aon chás ina bhfuil leas airgeadais, eacnamaíoch nó pearsanta eile ag ball foirne ábhartha go díreach nó go hindíreach a d'fhéadfaí a mheas a chuirfeadh neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an bhaill foirne chéanna i mbaol i gcomhthéacs an nóis imeachta soláthair.

Ba cheart gach beart is gá a ghlacadh chun a chinntiú go bhfanann Faisnéis Rúnda faoi rún. Chun a chinntiú go gcomhlíonann gach faisnéis, fíric, sonraí agus ábhar eile a bhfaightear eolas orthu, go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí, na rialacháin reatha. Coinnítear agus daingnítear úsáid agus feidhmiú gach Faisnéise nó sonraí Rúnda (lena n-áirítear sonraí pearsanta mar atá sainmhínithe sna Dlíthe um Chosaint Sonraí) ar bhealach cuí.

Ar leithligh, tá oibleagáid reachtúil ar oifigigh phoiblí a bhfuil "poist ainmnithe" acu chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 Ráiteas Leasa Bliantúil a chur ar fáil ina nochtar aon leas atá ag an duine agus aon leasanna atá, go bhfios dó nó di féin, ag céile nó páirtnéir sibhialta, leanbh nó leanbh chéile an duine sin, a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an duine i ndáil lena f(h)eidhmeanna oifigiúla a chomhlíonadh.
I dteannta na gceanglas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, i gcás ina bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile ag ball foirne (lena n-áirítear baill den teaghlach mar atá leagtha amach i gceanglais an údaráis áitiúil) de chuid BOO atá ábhartha d'aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht, nó conradh, comhaontú nó comhshocraíocht bheartaithe, a bhfuil an bord ina pháirtí ann, déanfaidh an duine sin:

(a) a leas agus an cineál leasa sin a nochtadh don Phríomhfheidhmeannach;
(b) gan aon pháirt a ghlacadh in idirbheartaíocht an chonartha, an chomhaontaithe nó an chomhshocraithe nó in aon phlé ag ball foirne an bhoird, de réir mar a bheidh, i ndáil leis, nó
(c) gan tionchar a imirt, ná féachaint le tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh ar an ábhar nó aon mholadh a dhéanamh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.



Tá an clásal seo cuimsithe freisin sa Ráiteas Beartais ar Nochtadh Leasa ag an bhfoireann agus sa Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna.

Ní mór aon chineál leasa phearsanta a d'fhéadfadh cur isteach, nó a d'fhéadfadh daoine eile a mheas le réasún go gcuirfeadh sé isteach, ar neamhchlaontacht an fhostaí in aon ábhar a bhaineann lena dhualgais nó lena dualgais maidir le soláthar poiblí a nochtadh i scríbhinn. Áirítear le leas pearsanta leas gaolta nó duine bainteach. Tá baint ag duine más fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta an duine aonair an duine sin, nó más gaol é, nó fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta le gaol leis an duine aonair nó le fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair.

Beidh cead roimh ré ón Stiúrthóir OSD ag teastáil ó aon duine atá ag iarraidh soláthar a thionscnamh le páirtí bainteach. Áirítear le faisnéis a bheidh ag teastáil chun tacú le cinneadh:

- Foirmeacha coimhlint leasa ó gach páirtí ábhartha
- Cás gnó maidir le húsáid bheartaithe páirtí nasctha.

Gníomhóidh gach fostaí de chuid BOO a bhfuil baint acu ar bhealach ar bith leis an bpróiseas Soláthair go heiticiúil agus ba cheart aird a thabhairt ar na beartais agus rialacháin ábhartha eile lena n-áirítear:

i. Ráiteas beartais maidir le leas a nochtadh
ii. Beartas Fáilteachais agus Bronntanas

iii. Cód Iompair
iv. An Cód Cleachtais Um Rialachas BOOanna

## 11 Bainistíocht Conarthaí

Is comhaontuithe iad conarthaí atá infhorfheidhmithe go dlíthiúil beag beann ar theideal an doiciméid. Caithfidh conradh a bheith ag BOO le soláthraithe chun earraí nó seirbhísí a sholáthar. Beidh feidhm ag Téarmaí agus Coinníollacha caighdeánacha Ordaithe Ceannaigh an BOO (ar fáil ar shuíomh Gréasáin an BOO) maidir le gach earra agus seirbhís nó go dtí go sínítear conradh. Beidh comhaontuithe caighdeánacha dlí BOO/OSR/SSO arna choigeartú chun cineál na seirbhísí/na n-earraí a chur san áireamh mar bhonn le haon chomhaontú. Ba cheart go gcumasódh an conradh bunú dea-chaidreamh oibre, infheistíocht acmhainní (ón dá pháirtí) chun earraí nó seirbhísí den scoth a sheachadadh ar bhealach atá chomh héifeachtach agus is féidir.

## 12 Léasú

Teastaíonn faomhadh an Bhoird agus an RO do gach léasú sula ndéantar aon chomhaontú léasa. Tá cosc dian ar léasú airgeadais.
Tá saincheisteanna a bhaineann le léasú maoine agus Soláthar maidir le Maoin a Fháil agus Farasbarr Maoine a Dhiúscairt leagtha amach i gCiorclán 17/2016 ón Roinn Caiteachais Phoiblí

## 13 Coimeád Taifead



Sonraítear i mBeartas Bainistíochta agus Coinneála Taifead an BOO an tréimhse ar gá taifid a choinneáil di. Ba cheart gach taifead a choinneáil go leictreonach.

Ba cheart do gach fostaí a bhfuil baint aige nó aici le ceannach thar ceann an BOO ceanglais na reachtaíochta ábhartha agus infheidhme go léir a chomhlíonadh. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta do, Cód Rialachais an BOO, Treoracha Caiteachais Phoiblí agus Ciorcláin an Rialtais.

## 14 Páirtithe Nasctha

I dteannta na gceanglas faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, i gcás ina bhfuil leas airgid nó leas tairbhiúil eile ag ball foirne (lena n-áirítear baill den teaghlach mar atá leagtha amach i gceanglais an údaráis áitiúil) de chuid BOO atá ábhartha d’aon chonradh, comhaontú nó comhshocraíocht, nó conradh, comhaontú nó comhshocraíocht bheartaithe, a bhfuil an bord ina pháirtí ann, déanfaidh an duine sin:

(a) a leas agus an cineál leasa sin a nochtadh don Phríomhfheidhmeannach;

(b) gan aon pháirt a ghlacadh in idirbheartaíocht an chonartha, an chomhaontaithe nó an chomhshocraithe nó in aon phlé ag ball foirne an bhoird, de réir mar a bheidh, i ndáil leis, nó

(c) gan tionchar a imirt, ná féachaint le tionchar a imirt, ar chinneadh a bheidh le déanamh ar an ábhar nó aon mholadh a dhéanamh i ndáil leis an gconradh, leis an gcomhaontú nó leis an socrú.

Tá an clásal seo cuimsithe freisin sa Ráiteas Beartais ar Nochtadh Leasa ag an bhfoireann agus sa Chód Cleachtais um Rialachas BOOanna.

Ní mór aon chineál leasa phearsanta a d'fhéadfadh cur isteach, nó a d'fhéadfadh daoine eile a mheas le réasún go gcuirfeadh sé isteach, ar neamhchlaontacht an fhostaí in aon ábhar a bhaineann lena dhualgais nó lena dualgais maidir le soláthar poiblí a nochtadh i scríbhinn. Áirítear le leas pearsanta leas gaolta nó duine bainteach. Tá baint ag duine más fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta an duine aonair an duine sin, nó más gaol é, nó fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta le gaol leis an duine aonair nó le fear céile, bean chéile nó páirtnéir sibhialta na pearsan aonair.

Beidh cead roimh ré ón Stiúrthóir OSD ag teastáil ó aon duine atá ag iarraidh soláthar a thionscnamh le páirtí bainteach. Áirítear le faisnéis a bheidh ag teastáil chun tacú le cinneadh:

- Foirmeacha coimhlint leasa ó gach páirtí ábhartha
- Cás gnó maidir le húsáid bheartaithe páirtí nasctha.

# 15 Iarmhairtí le Neamhchomhlíonadh Beartais agus Nósanna Imeachta Ceannaigh

Dréachtaíodh an beartas seo lena chinntiú go gcomhlíonann an BOO a chuid oibleagáidí dlíthiúla. Ní mór é sin agus na nósanna imeachta soláthair gaolmhara araon a chomhlíonadh. Níl comhlíonadh faoi rogha an duine aonair agus measfar gur ábhar tromchúiseach é aon sárú ar an mbeartas agus d'fhéadfadh go ndéanfar atreorú le haghaidh imscrúdú faoi nósanna imeachta araíonachta an BOO mar thoradh air.



# 16 Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú

Athbhreithneoidh Fóram na bPríomhfheidhmeannach an beartas gach ré bliain de réir an dea-chleachtais, nó i bhfianaise athruithe sa reachtaíocht agus treoir ó fhoinsí amhail OSR, Iniúchadh Inmheánach, ARC&C, an Roinn Oideachais, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe.

Is é 19/06/2024 an dáta cur chun feidhme, agus is é sin an dáta ar ghlac BOOLM leis.